



An Bhruiséal, 2 Márta 2017  
(OR. fr)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2015/0307 (COD)

---

---

6570/1/17  
REV 1

CODEC 245  
FRONT 91  
VISA 75  
SIRIS 35  
COMIX 144

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 a fhad a bhaineann le hathneartú seiceálacha i mbunachair shonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha - Glacadh an ghnímh reachtaigh ( <b>GR + R</b> )

---

1. Ar an 16 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an togra<sup>1</sup>, atá bunaithe ar Airteagal 77(2)(b) CFAE<sup>234</sup>, ar aghaidh chuig an gComhairle
2. Ar an 16 Feabhra 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis<sup>5</sup>.

---

<sup>1</sup> 15397/15.

<sup>2</sup> I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótocal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

<sup>3</sup> I gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

<sup>4</sup> I gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

<sup>5</sup> 6342/17.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 55/16 é, a fhorghnas mar ítim "A" ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire ag vótáil ina choinne;
- é a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhorghnasann an Chomhairle seasamh Parlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.

---